



FÓGRA MAIDIR LE DRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

Tugtar fógra leis seo, go bhfuil Dréachtphlean Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall don tréimhse 2023-2029, ullmhaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall, arb í an tÚdarás Pleanála don Chontae í, de bhun Ailt 12 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

In éineacht leis an Dréachtphlean, tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), a ullmhaíodh de réir Treorach MST (2001/42/EC) agus de réir na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 (I.R. Uimh.436 de 2004) (arna leasú), agus Tuarascáil Tionchair Natura, Measúnacht Chúí, de bhun na Treorach maidir le Gnáthóga (92/43/EEC) agus an Achta um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú).

Ar taispeáint ón **Déardaoin 24 Feabhra 2022 go dtí Déardaoin 12 Bealtaine 2022 (an dá dháta sin san áireamh)** beidh na nithe a leanas: an Dréachtphlean (Ráiteas Scríofa, lena n-áirítear Aguisíní), MST Tuarascáil Timpeallachta, Tuarascáil Tionchair Natura, Bainistíocht Riosca Straitéiseach i gcás Tuilte agus Léarscáileanna zónála, agus is féidir iad a fheiceáil mar seo a leanas:

- Ar líne ag <https://consult.fingal.ie/en/browse>
- Oifigí Chomhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, an Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Contae Fhine Gall, Oifigí na Cathrach, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15

Beidh na hoifigí thuasluaite ar oscailt ó 9am go dtí 5pm (Luan go Déardaoin) agus ó 9am go dtí 4.30pm (ar an Aoine) seachas Laethanta Saoire Bainc agus Aoine an Chéasta 15 Aibreán 2022.

Is féidir na doiciméid a scrúdú freisin ag na brainsí leabharlanna a leanas de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall le linn na tréimhse taispeána:

- Leabharlann Bhaile Bhrigín, Cearnóg Sheoirse, Baile Bhrigín, Co. Bhaile Átha Cliath
- Leabharlann Bhaile Dúill, Bóthar na Trá, Baile Dúill, Baile Átha Cliath 13
- Leabharlann Bhaile Bhlainséir, Ionad na Cathrach, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
- Leabharlann Bhaile Gháire, an Phríomhshráid, Baile Gháire, Co. Bhaile Átha Cliath
- Leabharlann Binn Éadair, an Phríomhshráid, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath
- Leabharlann Mhullach Íde, an Phríomhshráid, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath
- Leabharlann Shoird, Ionad Siopadóireachta Shoird, Bóthar Ráth Béil, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
- Leabharlann Dhomhnach Bat, Ionad Fóillíochta Dhomhnach Bat/ Phort Reachrann, Bóthar Phort Reachrann, Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath
- Leabharlann an Ros, Faiche an tSéipéil, An Ros, Co. Bhaile Átha Cliath

<https://www.fingal.ie/fingallibraries>

Fógrófar imeachtaí comhairliúcháin a bheidh ar siúl le linn na tréimhse taispeána ar shuíomh gréasáin na Comhairle atá tiomnaithe don phlean forbartha

<https://www.fingal.ie/development-plan>

Fáilteofar roimh aighneachtaí nó barúlacha maidir leis an Dréachtphlean (Ráiteas Scríofa, Aguisíní san áireamh), an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta, an Tuarascáil Tionchair Natura, an Bhainistíocht Riosca Straitéiseach i gcás Tuilte, agus léarscáileanna ó bhail den phobal agus ó pháirtithe leasmhara eile. **Is féidir leat aighneacht a déanamh nó barúil a thabhairt ó Déardaoin 24 Feabhra 2022 agus is é an spriocdháta chun aighneachtaí nó barúlacha a bheith faighte ná 11.59pm Déardaoin 12 Bealtaine 2022.** Tá dhá bhealach ann chun aighneachtaí a dhéanamh nó barúlacha a thabhairt:

- **Ar líne** trí Thairseach Comhairliúcháin Ar Líne na Comhairle
- <https://consult.fingal.ie/en/browse>

Nó

- **Tríd an bPost** i scríbhinn chuig an **tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, an Rannóg Pleanála agus Infreastruchtúir Straitéiseach, Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath K67 X8Y2**

Iarrtar ort úsáid a bhaint as modh amháin chun d'aighneacht a dhéanamh, i.e. Ar líne tríd an Tairseach Comhairliúcháin nó le cóip chrua.

Bí cinnte go bhfuil Plean Forbartha Chontae Fhine Gall 2023 – 2029 marcáilte go soiléir ar d'aighneacht.

Tabhair do d'aire, le do thoil, na nithe a leanas nuair atá aighneacht á déanamh agat nó barúil á tabhairt agat:

- Ba chóir go n-áireofaí in aighneachtaí/barúlacha, d'ainm, leáscáil (má tá sé riachtach chun críche aitheantais), agus, má bhaineann sé le hábhar, sonraí faoin eagraíocht, grúpa pobail nó comhlacht srl. a bhfuil tú ag déanamh ionadaíocht ar a son. (Áireofar na sonraí seo i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus ar líne). Bainfear úsáid as do sheoladh/do sheoladh ríomhphoist don chomhfhreagras amháin, agus déanfar é a leasú.
- Spreagtar leanaí, go háirithe, nó grúpaí, cumainn nó caomhnóirí a dhéanann ionadaíocht thar ceann leanaí, aighneachtaí nó barúlacha a chur isteach maidir leis an méid thuasluaite.
- Tabhair do d'aire go bhfoilseofar ar líne aon aighneacht/barúil a fhaightear ar Thairseach Comhairliúcháin na Comhairle de réir riachtanais an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) laistigh de 10 lá loibre tar éis iad a bhaith faighte.
- Ba chóir duit a chinntiú nach bhfuil aon eolas a bhaineann le tríú páirtí i d'aighneacht atá cráifeach, clúmhilleach, nó faoi rún. Áirítear leis sin eolas rúnda a bhaineann le tríú páirtí (agus nuair nach bhfuil cead sainráite nó intuigthe tugtha ag an tríú páirtí an t-eolas sin a nochtadh). Coimeádann an tÚdarás Pleanála an ceart chuige féin leasú a dhéanamh ar aon aighneacht nó ar aon chuid d'aighneacht nach gcomhlíonann an riachtanas seo.

Sula gcuirfead an Plean i gcrích, déanfar aighneachtaí nó barúlacha maidir leis an Dréachtphlean a mheas, má chuirtear isteach go dtí an tÚdarás Pleanála iad laistigh den tréimhse luaite.

Is é an Spriocdháta chun aighneachtaí a bheith faighte ná 11.59 ar 12 Bealtaine 2022.

Ní chuirfead san áireamh aighneachtaí/barúlacha atá DÉANACH.

Matthew McAleese
Stiúrthóir Seribhísí

An Rannóg Pleanála agus Infreastruchtúir Straitéisigh
Dáta: 24 Feabhra 2022